

POLL A' TAIRBH

Tá Poll a' Tairbh le hais Léim a' Reithe. Leac mhillteach mhór. An fhairge a' gul fúthu. Poll mór cruinn sa leic agus an fhairge ag gul aníos tríd an bpoll lá garbh. Lá a mbeadh eirí sa bhfairge d'fheicfeá an mhaidhm ag gul aníos trí mhullach na haille agus an fhairge cháithte a' gul chomh hard leis an teampull. Shnámh an tarbh ó Chruach Caolann go dtí an aill. Ní rabh sé indon teacht i dtír agus séard a rinne sé thigheacht aníos tríd an aill. Ba le Caolann an tarbh agus thréig sé Cruach Caolann. Tháinig sé go Cruach na Cara mar a rinne an reithe. Poll séidte atá sa bpoll seo.